NPWS
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

# Iarratas ar Mhaolú

## Faoi Rialachán 54 & 54A de chuid na gComhphobal Eorpach Na Rialacháin (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, arna leasú

**Athbhreithniú 2.0 – Lúil 2025**

- Is féidir le haon duine aonair nó Cuideachta a dhéanann iarratas ar mhaolú faoi Rialachán 54 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 ("na Rialacháin") **nó** aon duine aonair a dhéanann iarratas thar ceann an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi Rialachán 54(A) de na Rialacháin an fhoirm seo a úsáid.

- Tabhair faoi deara nach le haghaidh Maoluithe ar Theaghaisí Tí (ialtóga laistigh de thithe príobháideacha) atá an fhoirm iarratais sin ar fáil anseo > (Foirm Iarratais 3D)

- Cinntigh le do thoil go bhfreagraíonn tú ceisteanna go hiomlán ionas nach gcuirtear aon mhoill leat agus/nó d'iarratas ar an mbonn nach bhfuil dóthain faisnéise agus sonraí ann chun an t-iarratas a mheas a thuilleadh.

- Léigh Treoir SPNF maidir le hIarratais ar Rialachán 54 Maoluithe do speicis Iarscríbhinn IV agus cuir tú féin ar an eolas faoi: Treoir d'Iarratasóirí

- Léigh agus cuir tú féin ar an eolas faoin Treoirdhoiciméad ón gCoimisiún Eorpach maidir le dianchosaint speiceas ainmhithe atá chun leasa an Chomhphobail faoin Treoir maidir le Gnáthóga

- Tabhair do d'aire freisin go bhfuil na freagraí ar na ceisteanna sin sa bhreis ar na doiciméid a theastaíonn chun go mbeidh SPNF in ann d'iarratas a mheas. Ba cheart go mbeadh an fhoirm iarratais agus tuarascáil ghaolmhar araon san áireamh in iarratas iomlán. Mura gcuireann tú iarratas isteach, seolfar d'iarratas ar ais agus/nó diúltófar é.

- In imthosca ina dtugtar maolú de bhun an iarratais seo, tá an tIarratasóir freagrach as a áirithiú go gcomhlíontar coinníollacha aon mhaolaithe den sórt sin, cé go bhféadfaidh siad duine eile a fhostú chun gníomhú thar a gceann. Is cion coiriúil é aon ghníomhaíocht a dhéanamh gan, nó gan a bheith i gcomhréir le, maolú arna dheonú faoi rialachán 54 nó 54A de na Rialacháin, faoi réir ionchúisimh.

- Má tá fadhb ar bith agat agus an fhoirm seo á comhlánú agat, déan teagmháil leis an Aonad um Cheadúnú Fiadhúlra: reg54derogations@npws.gov.ie

- Tabhair do d'aire – foilseofar iarratais, tuarascálacha gaolmhara agus maoluithe ar shuíomh gréasáin SPNF agus/nó ar shuíomh gréasáin Sonraí Oscailte na Roinne.

- I gcás ina bhfuil iarratas á dhéanamh ag aon iarratasóir ar mhaolú chun suirbhéanna a dhéanamh, cinntigh le do thoil go liostófar gach éiceolaí agus oiliúnaí cáilithe atá faoina maoirseacht. Féach roinn 1(c) de Chuid A.

## Cuid A: An tIarratasóir - Sonraí Pearsanta

Baineann na ceisteanna sin leis an duine atá freagrach as aon oibreacha beartaithe agus an té a bheidh ina **nIarratasóir. Má chuirtear isteach an t-iarratas seo thar ceann tríú páirtí, líon isteach Cuid B thíos freisin.**

**1. (a) Ainm an Iarratasóra**

| Teideal (An tUas/Bean Uí/Iníon/Eile/Dr) | Céadainm(neacha) | Sloinne |
|---|---|---|
| | | |

| | |
|---|---|
| **(b)** Ainm na Cuideachta, más infheidhme | |
| **(c)** Líne Sheolta 1 | |
| Líne Sheolta 2 | |
| Baile | |
| Contae | |
| Éirchód | |
| **(d)** Uimhir theagmhála | |
| **(e)** Seoladh ríomhphoist | |
| **(f)** Seoladh ag a ndéanfar na hoibreacha murab ionann é agus an seoladh ag (b) thuas. | |
| Líne Sheolta 1 | |
| Líne Sheolta 2 | |
| Baile | |
| Contae | |
| Éirchód | |

**Sonraí an Duine a Thíolacann Iarratas ar Son an Iarratasóra/Sealbhóir Maolaithe**

Ba cheart faisnéis a bhaineann leis an duine (e.g. éiceolaí) atá freagrach as an iarratas a chur isteach thar ceann an Iarratasóra a chuir isteach thíos:

**1. (b) Ainm an Duine/Éiceolaí**

| Teideal (An tUas/Bean Uí/Iníon/Eile/Dr) | Céadainm(neacha) | Sloinne |
|---|---|---|
| | | |

| | |
|---|---|
| **(b)** Ainm na Cuideachta | |
| Líne Sheolta 1 | |
| Líne Sheolta 2 | |
| Baile | |
| Contae | |
| Éirchód | |
| **(c)** Uimhir theagmhála | |
| **(d)** Seoladh ríomhphoist | |
| **(e)** Gaol leis an Iarratasóir | |

**Le haghaidh Maoluithe Suirbhé amháin**

**1. (c) Sonraigh na hainmneacha atá le feiceáil ar an Maolú in éineacht leis an bPost atá á shealbhú e.g. Maoirseoir/Oiliúnaí**

| Céadainm(neacha) | Sloinne | Maoirseoir nó Oiliúnaí |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Cuid B: Speicis a chumhdaítear leis an Maolú

1. **Speiceas Ainmhí:** Sonraigh, le do thoil, cén speiceas is ábhar don iarratas:

   - Ialtóg ☐
   - Madra Uisce ☐
   - Drúchtín Ballach ☐
   - Cnádán ☐
   - Deilf ☐
   - Míol Mór ☐
   - Turtar ☐
   - Muc Mhara ☐

2. Sonraigh an speiceas go beacht (ainm eolaíoch): _____

3. Tabhair sonraí ar an líon uasta d'ainmhithe aonair a mbeidh éifeacht orthu* _____

4. Tabhair sonraí ar an líon uasta de láithreáin phórúcháin nó scíthe a mbeidh éifeacht orthu* _____

5. Tabhair sonraí ar an líon uasta d'uibheacha a thógfar* _____

6. Tabhair sonraí ar an líon uasta d'uibheacha a dhíothófar* _____

   *Mura bhféadfar aon fhigiúirí a sholáthair ar an líon uasta de láithreáin phórúcháin, d'áiteanna scíthe agus d'uibheacha atá le clúdach ag an maolú seo, tabhair sonraí ar na cúiseanna nach bhféadfar iad a sholáthair.

| |
|---|
| |

7. **Speiceas Planda:** Sonraigh, le do thoil, cén speiceas is ábhar don iarratas:

   - Raithneach Chill Airne ☐
   - Síofróg Uisce ☐
   - Mórán Réisc ☐

8. Má fuair tú maolú roimhe d'aon speiceas ainmhí nó planda, luaigh uimhir mhaolaithe agus deimhnigh go bhfuil tuairisceán tugtha agat chuig an SPNF ar an líon iarbhír a bhfuil éifeacht ag an maolú seo orthu.

| |
|---|
| |

*9.* **Na dátaí atá beartaithe le haghaidh Gníomhaíochtaí:** Sonraigh an tréimhse ama atá beartaithe agat chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh. Féadfaidh dátaí a leagann SPNF síos a bheith éagsúil ó na dátaí a bheartaítear anseo. *Ní eiseofar maolú ach amháin le dáta tosaigh agus deiridh laistigh de bhliain féilire.*

| | |
|---|---|
| Dáta Tosaigh: | |
| Dáta Deiridh: | |

## Cuid C: Cineál an Mhaolaithe.

**1.** Cuir tic leis an toirmeasc/na toirmisc lena mbaineann an t-iarratas ar mhaolú:

| **Rialachán 51** | |
|---|---|
| Aon eiseamal den speiceas ábhartha san fhiántas a ghabháil nó a mharú d'aon ghnó | ☐ |
| Cur isteach d'aon ghnó ar na speicis sin go háirithe le linn na tréimhse pórúcháin, tógála, geimhrithe agus imirce | ☐ |
| Uibheacha den speiceas ábhartha a thógáil nó a scriosadh d'aon ghnó san fhiántas | ☐ |
| Damáiste a dhéanamh d'ainmhí den sórt sin nó áit phórúcháin nó áit scíthe ainmhí den sórt sin a scriosadh, nó | ☐ |
| Aon eiseamal de na speicis ábhartha a thógtar san fhiántas a choimeád, a iompar, a dhíol, a mhalartú, a thairiscint lena dhíol nó a thairiscint lena mhalartú, seachas na heiseamail sin a thógtar go dlíthiúil dá dtagraítear dóibh in Airteagal 12(2) den Treoir maidir le Gnáthóga. | ☐ |
| **Rialachán 52** | |
| Aon eiseamal de na speicis sin san fhiántas a phiocadh, a bhailiú, a ghearradh, a stoitheadh nó a dhíothú d'aon ghnó, nó | ☐ |
| Aon eiseamal de na speicis ábhartha a thógtar san fhiántas a choimeád, a iompar, a dhíol, a mhalartú, a thairiscint lena dhíol nó a thairiscint lena mhalartú, seachas na heiseamail sin a thógtar go dlíthiúil dá dtagraítear dóibh in Airteagal 13(1)(b) den Treoir maidir le Gnáthóga. | ☐ |

**Ba cheart tuilleadh faisnéise a sholáthar san fhormáid a leagtar amach i gCuid E: Teimpléad le haghaidh Faisnéis Tacaíochta**

## Cuid D: Tástálacha Maolaithe

**Tabhair faoi deara: Ní mór don iarratasóir an fhaisnéis achomair seo a leanas a sholáthar i ngach cás, agus úsáidfear í chun a chinneadh an féidir maolú a sholáthar.Ní mór tuilleadh faisnéise a sholáthar san fhormáid a leagtar amach i gCuid E: Teimpléad le haghaidh Faisnéis Tacaíochta**

### Tástáil 1: Cúis leis an Maolú

**1.** Cuir tic leis an gcúis/na cúiseanna thíos ina mínítear conas a cháilíonn an t-iarratas seo faoi Rialachán 54(2)(a-e) nó Rialachán 54A(2)(a-e) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha): Tabhair achoimre ar an gcaoi a gcomhlíonann an t-iarratas na 3 choinníoll is gá chun maolú a sholáthar. Tabhair faoi deara nach mór faisnéis bhreise a sholáthar i ngach cás (féach Cuid E).

| | | |
|---|---|---|
| **a.** | Ar mhaithe le flóra agus fána fiáin a chosaint agus le gnáthóga nádúrtha a chaomhnú **(Lean ar aghaidh go dtí 1a)** | ☐ |
| **b.** | Chun damáiste tromchúiseach a chosc, go háirithe do bharra, do bheostoc, d'fhoraoisí, d'iascach agus d'uisce agus do chineálacha eile maoine **(Lean ar aghaidh go dtí 1b)** | ☐ |
| **c.** | Ar mhaithe le sláinte an phobail agus sábháilteacht an phobail, nó ar chúiseanna dianriachtanacha eile leasa phoiblí sháraithigh, lena n-áirítear cúiseanna ar de chineál sóisialta agus eacnamaíochta iad agus iarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don chomhshaol **(Lean ar aghaidh go dtí 1c)** | ☐ |
| **d.** | Chun críche taighde agus oideachais, athphobalaithe agus chun na speicis sin a thabhairt isteach an athuair agus ar mhaithe leis na hoibríochtaí pórúcháin is gá chun na gcríoch sin, lena n-áirítear síolrú saorga plandaí **(Lean ar aghaidh go dtí 1d)** | ☐ |
| **e.** | Chun a cheadú, faoi dhálaí dianmhaoirsithe, ar bhonn roghnaitheach agus go feadh méid theoranta, eiseamail áirithe de na speicis dá dtagraítear dóibh sa Chéad Sceideal a thógáil nó a choimeád go feadh an méid a shonraítear sa sceideal sin. **(Lean ar aghaidh go dtí 1e)** | ☐ |

**1a.** Ar mhaithe le flóra agus fána fiáin a chosaint agus le gnáthóga nádúrtha a chaomhnú:

i) Luaigh an flóra, fána nó gnáthóga fiáine a dteastaíonn cosaint agus / nó caomhnú uathu.

ii) Tabhair achoimre ar an gcaoi a dtugann leasanna cosanta agus caomhnaithe an speicis/ ghnáthóige lena mbaineann údar le difear a dhéanamh do speiceas eile atá faoi dhianchosaint.

**1b)** Chun damáiste tromchúiseach a chosc, go háirithe do bharra, do bheostoc, d'fhoraoisí, d'iascaigh agus d'uisce agus do chineálacha eile maoine:

i) Tabhair achoimre ar chineál an damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann, ar an bhfáth a meastar é a bheith 'tromchúiseach' agus ar an gcaoi gur mó é sin ná leas caomhnaithe an speicis atá faoi dhianchosaint.

**1c)** Ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí agus leis an tsábháilteacht phoiblí, nó ar chúiseanna dianriachtanacha eile a bhaineann le leas sáraitheach poiblí, lena n-áirítear cúiseanna de chineál sóisialta nó eacnamaíoch agus iarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil ag baint leo don chomhshaol:

i) I gcás inarb í an tsláinte phoiblí agus an tsábháilteacht phoiblí is cúis leis, tabhair achoimre ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil chun tacú leis an gcúis sin (e.g. fianaise dhoiciméadach ar an riosca ó innealtóir struchtúrtha cairte, máinlia crann, Garda Síochána, gairmí sláinte cáilithe etc.)

ii) I gcás inarb é is cúis le ‘cúiseanna dianriachtanacha eile a bhaineann le leas poiblí sáraitheach, lena n-áirítear cúiseanna de chineál sóisialta nó eacnamaíoch agus iarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil ag baint leo don chomhshaol’, tabhair achoimre ar chineál an leasa phoiblí agus ar an gcaoi gur mó é sin ná leas caomhnaithe an speicis atá faoi dhianchosaint.

**1d)** Chun críche taighde agus oideachais, chun na speicis sin a athphobalú agus a thabhairt isteach an athuair agus le haghaidh na n-oibríochtaí pórúcháin is gá chun na gcríoch sin, lena n-áirítear iomadú saorga plandaí:

i) Tabhair achoimre ar chuspóir/chuspóirí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe ina ndéantar tagairt dóibh siúd a liostaítear thuas agus ar an gcaoi a sáraíonn cuspóir na ngníomhaíochtaí sin leasanna dhianchosaint an speicis.[1]

**1e)** A cheadú, faoi choinníollacha dianmhaoirsithe, ar bhonn roghnaitheach agus ar feadh méid teoranta, eiseamail áirithe den speiceas a thógáil nó a choimeád a mhéid a shonraítear iontu, dá dtagraítear sa Chéad Sceideal

i) Luaigh go soiléir cuspóir na gníomhaíochta agus fíoraigh go bhfuil an chúis sin á roghnú toisc nach bhfuil cuspóir na gníomhaíochta ag teacht leis na cúiseanna a-d a liostaítear thuas.

ii) Tabhair achoimre ar an gcaoi a ndéanfar líon teoranta eiseamal den speiceas a thógáil nó a choinneáil mar thoradh ar an ngníomhaíocht, ar an gcaoi a gcuirfear i bhfeidhm í ar bhonn roghnaitheach agus ar bhonn teoranta, agus ar an gcaoi a ndéanfar í faoi choinníollacha atá faoi dhianmhaoirseacht.

[1] Tabhair faoi deara go bhféadfadh an chúis seo a bheith oiriúnach nuair a bhaineann taighde le suirbhéanna a d’fhéadfadh cur isteach ar speicis atá faoi dhianchosaint. Ach ba chóir gurb é an t-aon chuspóir atá leis na suirbhéanna ná taighde agus oideachas nó na cúiseanna eile atá liostaithe thuas faoi 1d.

## Tástáil 2: Easpa réiteach malartach

**2**. Déan achoimre ar na réitigh mhalartacha a breithníodh agus ar an bhfáth a meastar go bhfuil na réitigh sin míshásúil. Ní mór a áireamh leis sin rogha na malairte 'gan aon ní a dhéanamh' agus ba cheart an fhianaise a bheith oibiachtúil agus láidir. Ní mór tuilleadh faisnéise a sholáthar san fhormáid a leagtar amach i gCuid E: Teimpléad le haghaidh Faisnéis Tacaíochta

| Réiteach Malartach | Cúiseanna le 'Míshásúil' |
|---|---|
| Gan aon ní a dhéanamh | |
| | |
| | |

* Cuir isteach sraitheanna breise thuas más gá

## Tástáil 3: Tionchar Maolaithe ar Stádas Caomhantais

**3**. Tabhair achoimre ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar phobal an speicis atá faoi réir an iarratais seo, agus na bearta maolaithe agus/nó cúitimh uile atá le déanamh á gcur san áireamh. Ba cheart fianaise gur éirigh leis an maolú sin in áiteanna eile a chur ar fáil i gcás inarb ábhartha. Ní mór a áirithiú le bearta maolaithe a bhfuiltear ag brath orthu nach ndéanfaidh an maolú dochar do chothabháil líon na speiceas lena mbaineann an Treoir maidir le Gnáthóga ag stádas caomhantais fabhrach ina raon nádúrtha. Ní mór tuilleadh faisnéise a sholáthar san fhormáid a leagtar amach i gCuid E: Teimpléad le haghaidh Faisnéis Tacaíochta.

# Cuid E: Teimpléad le haghaidh Faisnéis Tacaíochta

Ba cheart achoimre a bheith san fhoirm iarratais seo ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil. I ngach cás, is gá faisnéis tacaíochta ar leith a sholáthar ionas gur féidir an measúnú ar an iarratas a dhéanamh ar bhealach láidir cuimsitheach. Ba cheart d'iarratasóirí tagairt a dhéanamh do threoir a chuireann SPNF agus an Coimisiún Eorpach ar fáil agus an fhoirm iarratais seo agus an fhaisnéis tacaíochta á n-ullmhú acu.

Tá sé riachtanach go n-ullmhófar faisnéis tacaíochta ar bhealach comhsheasmhach ag baint úsáide as an teimpléad thíos ionas gur féidir le hoifigigh SPNF a dhéanann measúnú ar an iarratas an fhianaise ábhartha a aimsiú chun a chinneadh an féidir na trí Thástáil a chomhlíonadh. Mura gcuirtear dóthain fianaise ar fáil, diúltófar don iarratas.

Ba cheart struchtúr na Faisnéise Tacaíochta a bheith mar seo a leanas:

1) Clár an Ábhair

2) Réamhrá
    a. Cuspóir na n-oibreacha atá beartaithe (mar shampla, mar chuid de thógáil bóthair náisiúnta, deisiú dín, suirbhéanna a dhéanamh etc.)
    b. Ainm, cáilíochtaí agus taithí ábhartha na foirne eolaíochta, lena n-áirítear oiliúnaithe, (e.g. éiceolaí) a bhfuil baint acu le hullmhú an iarratais agus iad siúd atá freagrach as an ngníomhaíocht atá beartaithe a dhéanamh.
    c. Má bhaineann an t-iarratas seo le suirbhéanna a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh, ní mór cáilíochtaí gach duine lena mbaineann a sholáthar agus ní mór oiliúnaithe a shainaithint go soiléir.

3) Cúlra na gníomhaíochta atá beartaithe lena n-áirítear suíomh, úinéireacht, cineál na gníomhaíochta atá beartaithe agus an gá atá léi, stair na pleanála, comhthéacs an bheartais, criosú sa Phlean Forbartha ábhartha (nó a choibhéis), etc.

4) Sonraí iomlána na gníomhaíochta beartaithe atá le cumhdach ag an maolú (lena n-áirítear plean láithreáin). Féadfaidh ionadaí SPNF iniúchadh a dhéanamh ar an láithreán, mar sin ba chóir go léireodh na sonraí a thugtar méid an tionscadail go soiléir. Úsáidfear an fhaisnéis sin chun coinníollacha an láithreáin a chur i gcomparáid leis an Ráiteas Modha.

5) Suirbhé Éiceolaíochta agus measúnú láithreáin (<u>Níl sé de dhíth ar iarratais chun suirbhéanna a dhéanamh</u>)
    a. Faisnéis atá ann cheana maidir le speicis ag an suíomh agus sa phurláin.
    b. Stádas an speicis sa limistéar áitiúil/réigiúnach (ábhartha do bhreithniú an tionchair ar an bpobal ar an scála geografach ábhartha (Tástáil 3))
    c. Cuspóir/cuspóirí an tsuirbhé
    d. Tuairisc ar Limistéar na Suirbhéanna
    e. Modheolaíocht an tsuirbhé (lena n-áirítear fianaise maidir leis an gcaoi a léiríonn an mhodheolaíocht dea-chleachtas agus an bhfuil sí iomchuí don Chuspóir). Ba cheart go n-áireofaí sa mhodheolaíocht léarscáileanna suirbhéireachta, sonraí maidir le huainiú, an aeráid, an trealamh a úsáidtear agus aon neamhchinnteachtaí nó deacrachtaí a thagann chun cinn a shainaithint.
    f. Torthaí an tsuirbhé lena n-áirítear amhshonraí, aon sonraí próiseáilte nó comhiomlánaithe, agus torthaí diúltacha de réir mar is iomchuí. Ní mór grianghraif agus léarscáileanna a chur ar fáil i gcás ina ndéantar tagairt do ghnéithe a bhaineann go sonrach leis an láithreán.
    g. Measúnú aicme ar mhéid an daonra.

6) Fianaise chun tacú leis na Tástálacha Maolaithe

    a. Tástáil 1 - Cúis leis an Maolú:
        i. Ba cheart míniú soiléir a thabhairt ar an bhfáth ar roghnaíodh cúis shonrach/cúiseanna sonracha san fhoirm iarratais.

ii. Moltar d'iarratasóirí an treoir a d'fhoilsigh SPNF 'Treoir maidir le hIarratais ar Rialachán 54 Maoluithe le haghaidh speicis Iarscríbhinn IV a léamh: Treoir d'Iarratasóirí' le tagairt shonrach do Roinn 3.1.

b. Tástáil 2 - Easpa Réiteach Malartach
   i. Ní mór d'iarratasóirí na roghanna malartacha ar an ngníomhaíocht bheartaithe a breithníodh a liostú, lena n-áirítear na roghanna malartacha 'gan aon ní a dhéanamh' ar bhealach soiléir oibiachtúil. Bunriachtanas is ea gur cheart na roghanna malartacha sin a chur i gcomparáid i dtéarmaí a dtionchair ar na speicis atá faoi réir dianchosanta. Ba chóir go mbeadh sé soiléir d'oifigigh SPNF cén fáth ar roghnaíodh an cur chuige a roghnaíodh.
   ii. Moltar d'iarratasóirí an treoir a d'fhoilsigh SPNF 'Treoir maidir le hIarratais ar Rialachán 54 Maoluithe le haghaidh speicis Iarscríbhinn IV a léamh: Treoir d'Iarratasóirí' le tagairt shonrach do Roinn 3.2.

c. Tástáil 3 - Tionchar maolaithe ar Stádas Caomhantais
   i. Ba cheart d'iarratasóirí sonraí an phobail a áireamh ar an scála geografach iomchuí agus meastóireacht ar an gcaoi a ndéanfaidh an ghníomhaíocht atá beartaithe difear don stádas caomhantais sula gcuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm agus ina dhiaidh sin.
   ii. Tuairiscí iomlána agus mionsonraithe ar na bearta maolaithe atá beartaithe atá ábhartha maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an spriocspeiceas. Ba cheart fianaise gur éirigh leis an maolú sin in áiteanna eile a chur ar fáil i gcás ina bhfuil sé ar fáil.
   iii. Moltar d'iarratasóirí an treoir a foilsíodh 'Treoir maidir le hIarratais ar Rialachán 54 Maoluithe le haghaidh speicis Iarscríbhinn IV a léamh: Treoir d'Iarratasóirí' le tagairt shonrach do Roinn 3.3.

7) Faireachán a dhéanamh ar thionchair na maoluithe
   a. Ní mór d'iarratasóirí mionsonraí a chur san áireamh maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu a fhíorú ar cuireadh na maoluithe chun feidhme i gceart agus ar bhain siad a gcuspóir amach, agus úsáid á baint as fianaise atá bunaithe ar an eolaíocht, agus, más gá, conas a dhéanfaidh an t-iarratasóir bearta ceartaitheacha i gcás inar gá.
   b. Ba cheart d'iarratasóirí sonraí a sholáthar maidir leis na tuarascálacha beartaithe atá le cur faoi bhráid SPNF, lena n-áirítear torthaí an fhaireacháin.
   c. Moltar d'iarratasóirí an treoir a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach 'Treoirdhoiciméad maidir le dianchosaint speiceas ainmhithe atá chun leasa an Chomhphobail faoin Treoir maidir le Gnáthóga' a léamh agus tagairt shonrach á déanamh do Roinn 3.4.

## Part F. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil gach ceann de na sonraí thuasluaite, ar feadh m'eolais agus fhírinne mo thuisceana, fíor agus ceart. Tuigim gur cion é speicis atá faoi chosaint, a mharú, a ghortú, a ghabháil nó a díshocrú d'aon ghnó, nó damáiste nó díothú a dhéanamh ar láithreáin phórúcháin nó áiteanna scíthe nó uibheacha a thógáil nó a dhíothú gan maolú agus gur ceanglas dlíthiúil é cloí leis na coinníollacha d'aon mhaolú a fhéadfar a dheonú orm tar éis an iarratais seo. Tuigim go bhféadfaidh an SPNF cuairt a thabhairt lena sheiceáil go bhfuil maolú á chomhlíonadh.

Tabhair faoi deara faoi Rialachán 5 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011-2021, go bhféadfaidh oifigeach údaraithe dul isteach ar aon talamh nó in áitreabh agus iniúchadh a dhéanamh chun aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna faoi na Rialacháin seo a chomhlíonadh nó chun aon fhaisnéis a fháil a mbeidh gá aige nó aici léi chun na gcríoch sin.

**Síniú an Iarratasóra** _____ **Dáta** _____

**Ainm i mBLOCLITREACHA** _____

**spnf.ie**

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage